

'Gaeilge na hArdteiste', Clár 3

RTÉ Raidió na Gaeltachta, 3 Márta 2015

Ceisteanna Samplacha

le Séamas Ó Máirtín, comhairleoir oideachais an chláir. Is féidir éisteacht leis na píosaí seo á léamh i gClár 3 den tsraith.

Dán: Mo Ghrá-sa (Idir Lúibíní), le Nuala Ní Dhomhnaill

“Baineann Nuala Ní Dhomhnaill úsáid éifeachtach as íomhánna agus í ag cur síos ar a leannán sa dán seo”. Do thuairim uait i dtaobh an ráitis seo.

Baineann an file úsáid as íomhánna neamhchoitianta agus í ag cur síos ar a leannán. Baintear geit asainn mar labhraíonn sí go diúltach faoina leannán i dtosach báire. Ní fear dathúil tarraingteach é mar “níl sé cosúil leis an mbláth a fhásann ar an draighean...” dar léi. Níl dabht ar bith faoi ach go bhfuil Nuala Ní Dhomhnaill ag tarraingt ar línte ón amhrán grá, Bríd Óg Ní Mháille, anseo. Tugaimid faoi deara go mbaineann sí úsáid as íomhánna an dúlra mar luann sí an draighean, na nóiníní agus an sruthán sléibhe. Bhíodh na híomhánna seo le fáil sna seanamhráin ghrá. Grá magúil atá i gceist anseo. Ní féidir linn ach gáirí a dhéanamh nuair a léimid: “agus má tá aon chosúlacht aige le nóiníní/ is é is dóichí gur as a chluasa a fhásfaidh siad” nuair a bheidh sé fuar marbh faoin gcré. Is breá liom freisin íomhá na gruaige deilgní agus í ag cur síos ar an saghas gruaige atá ar a leannán. Tá an tagairt seo tógtha as soinéad 130 de chuid dánta Shakespeare nuair a scríobh sé aoir faoina bhean féin. Seo mar a labhair an file iomráiteach faoina bhean féin: “If hairs be wires, black wires grow on her head”. Go bhfóire Dia orainn! Molann an file flaithiúlacht a leannáin nuair a deir sí go dtugann sé úlla is caora fíniúna di. Tá tréith na flaithiúlachta míle uair níos tábhachtaí ná tréithe fisiciúla a leannáin. Sílimse go bhfuil an file ag magadh faoin mbéim mhór a chuirtear ar áilleacht sheachtrach an duine sna meáin ach go háirithe. Creidimse go bhfuil sí ag rá gur tábhachtaí i bhfad áilleacht inmheánach an duine: pearsantacht an duine agus tréithe na daonnachta.

Prós: Oisín i dTír na nÓg

“Tá tréithe an bhéaloidis le sonrú go láidir sa scéal Fiannaíochta, Oisín i dTír na nÓg”. Do thuairim uait i dtaobh an ráitis seo.

Aontaím go huile is go hiomlán leis an ráiteas seo. Tá neart samplaí de thréithe an bhéaloidis le feiceáil againn sa scéal cáiliúil seo: neart agus gaisce na Féinne, an dúlra, draíocht agus áibhéil, forlámhas na mban, an niachas, laochas agus crógacht, an choimhlint idir an dá shaol: saol na págántachta agus saol na Críostaíochta, na huimhreacha a trí, a seacht is a deich agus domhan na fantasaíochta ina dtarlaíonn eachtraí osnádúrtha.

Léirítear neart agus gaisce Oisín ag tús an scéil seo nuair a chaith sé an charraig mhór mhillteach suas le ceathracha slata uaidh gan aon stró. Dúirt Oisín leis na fir i nGleann na Smól nach raibh in ann an charraig ollmhór a chorraí go gcuirfeadh a mhac Oscar “d’urchar í thar mhullach” a gcinn. Is sampla maith freisin an eachtra seo den áibhéil a bhí le fail sna scéalta béaloidis.

Díreach i ndiaidh d’Oisín an charraig mhór a chaitheamh uaidh, bhris giorta an eich agus bhail cosa Oisín faoi thalamh na hÉireann. Chaill sé a óige láithreach bonn. Rinneadh seandúine bocht dall de. Is sampla maith é seo den áibhéil arís. Tugadh i láthair Phádraig Naofa sa chill é. Bhain Oisín le saol na págántachta agus bhain Naomh Pádraig le saol na Críostaíochta. D’inis Oisín scéal a bheatha do Phádraig Naofa. Dúirt sé nach raibh sé róbhuartha go raibh sé dall ach go raibh sé an-uaigneach mar gheall go raibh sé fós beo i ndiaidh Oscair agus Fhinn.

Luaitear an dúlra go minic sna scéalta Fiannaíochta. Bhí an-mheas ag na Fianna ar áilleacht an dúlra. Luaitear Gleann na Smól i sléibhte Bhaile Átha Cliath ag tús an chuntais seo. Luaitear Loch Léin i gCill Áirne, Co. Chiarraí sa chur síos ar theacht Niamh Chinn Óir go hÉirinn. Is ansin a bhí na Fianna i mbun seilge nuair a chonaic said an bhean ab áille dá bhfaca siad riamh ag teacht aniar chucu ar each bán. Feicimid tréith na draíochta anseo mar chuir sí í féin in aithne mar “iníon Rí na nÓg”. Feicimid freisin forlámhas na mban anseo mar chuir Niamh Oisín faoi gheasa dul in éineacht léi go Tír na nÓg. Chuaigh Oisín in éineacht léi go fonnmar go dtí an domhan fantasaíochta, Tír na nÓg.

Léirítear laochas agus crógacht Oisín nuair a throid sé féin agus Fómhar Builleach ar feadh trí oíche is trí lá. Bhain sé an cloigeann de agus lig sé saor iníon Rí na mBeo a bhí ina giall i ndún Rí na mBeo. Is sampla an-mhaith é seo den niachas atá le fáil freisin sna scéalta Artúir.

Tugaimid faoi deara go mbaintear úsáid go minic as an uimhir trí. Mhair an troid ar feadh trí oíche is trí lá. Luaitear an trí aoibhinn nó an trí iontas a chonaic Oisín is Niamh ar a dturas go Tír na nÓg. Tháinig trí chaoga laoch ag fáiltiú rompu. Trí chéad fear a bhí ag plé leis an gearraig mhór i nGleann na Smól agus lig na Fianna “trí gártha cumha” astu nuair a d’imigh Oisín le Niamh Chinn Óir. Ó, rinne mé dearmad a rá go raibh triúr páisti acu, beirt mhac agus iníon amháin! Ó, thug Niamh trí rabhadh d’Oisín sular fhill sé ar Éirinn. Tá an uimhir seacht luaite. Chuir Oisín an charraig mhór “seacht bpéirse as a háit”. Luaitear an uimhir deich nuair a insítear dúinn gur mhair an féasta a bhí acu i dTír na nÓg ar feadh “deich n-oíche is deich lá”.